RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1952 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2021

lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha do chonarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus do chomórtais deartha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(5), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/115/AE ([2]), d'fhormheas an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais ([3]) a tugadh i gcrích faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Is ionstraim ilpháirtithe é an Comhaontú leasaithe maidir le Soláthar Rialtais ("an Comhaontú") agus is é is cuspóir leis margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a chuid páirtithe. Baineann an Comhaontú le haon chonradh soláthair lena mbaineann luach a shroicheann na méideanna a leagtar amach ann ("tairsí") nó a sháraíonn na méideanna sin, méideanna a shloinntear mar chearta tarraingthe speisialta.

(2) Ceann de chuspóirí Threoir 2014/24/AE is ea cead a thabhairt do na húdaráis chonarthacha a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú a chomhlíonadh ag an am céanna. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach a leagtar síos sa Treoir sin chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 4, poinet (a), pointe (b) agus pointe (c), de Threoir 2014/24/AE do na tairseacha arna mbunú sa Chomhaontú. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2014/24/AE, tá na tairseacha a bhunaítear in Airteagal 13 den Treoir sin le hailíniú leis na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4, pointe (a) agus pointe (c), den Treoir sin.

(3) Ceanglaítear le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tairseacha gach 2 bhliain le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na tairseacha do na blianta 2022-2023 ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/24/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2014/24/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear "EUR 5 382 000" in ionad "EUR 5 350 000";

(b) i bpointe (b), cuirtear "EUR 140 000" in ionad "EUR 139 000";

(c) i bpointe (c), cuirtear "EUR 215 000" in ionad "EUR 214 000";

(2) Leasaítear Airteagal 13, an chéad mhír, mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear "EUR 5 382 000" in ionad "EUR 5 350 000";

(b) i bpointe (b), cuirtear "EUR 215 000" in ionad "EUR 214 000";

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

([2]) Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

([3]) IO L 68, 7.3.2014, lch. 2.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN